C/2024/3126

8.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11520 – SEFE / WIGA / WIGA GP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3126)

1. An 30 Aibreán 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle [1].

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— SEFE Securing Energy for Europe GmbH ('SEFE', an Ghearmáin), faoi rialú Aireacht Chónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus um Ghníomhú ar son na hAeráide ('BMWK', an Ghearmáin),

— WIGA Transport Beteiligungs-GmbH & Co. KG ('WIGA', an Ghearmáin), atá faoi rialú comhpháirteach SEFE agus Wintershall DEA AG ('Wintershall', an Ghearmáin) faoi láthair, agus

— WIGA Verwaltungs-GmbH ('WIGA GP', an Ghearmáin), atá faoi rialú comhpháirteach SEFE agus Wintershall faoi láthair.

Gheobhaidh SEFE rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar WIGA agus WIGA GP ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthróir gáis nádúrtha é SEFE a bhfuil lorg láidir aige i margadh na Gearmáine. Ar na príomhréimsí gnó atá ag SEFE, tá foinsiú domhanda, trádáil agus díolachán, iompar agus stóráil gáis nádúrtha agus GNL,

— Is cuideachta sealbhaíochta é WIGA le haghaidh gnóthais atá gníomhach in oibriú píblínte tarchurtha gáis ardbhrú sa Ghearmáin.

— Comhpháirtí ginearálta WIGA atá faoi dhliteanas pearsanta is ea WIGA GP.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais [2], ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

[1] IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
[2] IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11520 – SEFE / WIGA / WIGA GP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË